AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2026
COM(2026) 514 final

2026/0291 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 a mhéid a bhaineann le síniú a chur leis an údarú don Ríocht Aontaithe beart speisialta a chur i bhfeidhm i ndáil le Tuaisceart Éireann de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (‘an Treoir maidir le CBL’[1]), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d’aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Faoin bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (dá ngairtear ‘Creat Windsor’ anois[2]) a ghabhann le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[3], tá feidhm ag forálacha dhlí an Aontais i réimse CBL a bhaineann le hearraí maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

Faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle[4], tugadh údarú don Ríocht Aontaithe, faoi Airteagal 395(1) den Treoir maidir le CBL, beart speisialta CBL a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann, lena ndéantar foráil maidir le bearta ar ráta comhréidh i leith CBL neamh-asbhainteach a ghearrtar ar chaiteachas breosla i i gcarranna cuideachta, agus a imíonn ó na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Treoir maidir le CBL.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 25 Márta 2026, d’iarr an Ríocht Aontaithe údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm, i ndáil le Tuaisceart Éireann, tar éis an 31 Nollaig 2026.

Tharchuir an Coimisiún an iarraidh a chuir an Ríocht Aontaithe isteach chuig na Ballstáit an 24 Iúil 2026. Le litir dar dáta an 29 Iúil 2026, thug an Coimisiún fógra don Ríocht Aontaithe go raibh an fhaisnéis uile ba ghá aige chun an iarraidh a bhreithniú.

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Leis an Treoir maidir le CBL, foráiltear mar riail go bhfuil CBL ar cheannacháin in-asbhainte ag daoine inchánacha a mhéid a úsáidtear é chun críche idirbheart cáinmhuirearaithe. Dá bhrí sin, CBL a bhaineann le húsáid phríobháideach earra gnó, ní CBL in-asbhainte atá ann. Ina dhiaidh sin, tá CBL ar úsáid phríobháideach le cur san áireamh más rud é, i ndáil le hearra úsáide measctha (earra a úsáidtear chun críoch gnó agus príobháideach araon), gur asbhaineadh an méid iomlán CBL tráth an cheannaigh.

I gcás carranna cuideachta a úsáidtear cuid den am chun críoch príobháideach (neamhghnó), is minic a bhíonn sé deacair agus trom an úsáid phríobháideach a ríomh go beacht agus bheadh taifid mhionsonraithe míleáiste ag teastáil ina leith.

Sa chomhthéacs sin, tá scéim speisialta CBL á hoibriú ag an Ríocht Aontaithe, i leith Thuaisceart Éireann, chun cáin a ghearradh ar an úsáid phríobháideach, bunaithe ar an

---

1 IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

2 IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.

3 Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena n-údaraítear don Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 103, 24.3.2021, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/512/oj).

meánmhíleáiste príobháideach (arna chinneadh ag Suirbhé Náisiúnta Taistil na Roinne Iompair agus ag an nGníomhaireacht um Dheimhniú Feithiclí) in éineacht leis an ídiú breosla in aghaidh an chiliméadair, a ríomhtar ar bhonn rátálacha astaíochtaí CO_2, agus praghas miondíola breosla bóthair.

Údaraíodh an scéim ar ráta comhréidh sin, i ndáil le Tuaisceart Éireann, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle, go dtí an 31 Nollaig 2023. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2907 ón gComhairle[5], cuireadh síneadh leis an údarú sin go dtí an 31 Nollaig 2026.

Tá an scéim speisialta roghnach do dhaoine inchánach a d'fhéadfadh, ina ionad sin, rogha a dhéanamh CBL a aisbhaint ar bhreosla ar bhonn ar thaifid mhionsonraithe míleáiste.

De réir na Ríochta Aontaithe, tá an scéim sin fós cruinn agus mar thoradh uirthi rinneadh simplithe suntasacha do na gnólachtaí i dTuaisceart Éireann agus don údarás cánach araon toisc go bhfuil sé ródhian, sa chleachtas, taifid mhionsonraithe míleáiste a choinneáil agus iniúchadh a dhéanamh ar na taifid sin.

Ar an mbonn sin, d'iarr an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann go n-údarófaí di leanúint den mhaolú a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2027. Ba cheart an maolú a bheith teoranta ó thaobh ama de go dtí an 31 Nollaig 2029, ionas gur féidir a mheas an léiriú ceart fós é an scéim speisialta ar an gcionroinnt fhoriomlán idir úsáid ghnó agus úsáid phríobháideach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Sonraítear in Airteagal 176 den Treoir maidir le CBL go gcinnfidh an Chomhairle an caiteachas nach bhfuil CBL in-asbhainte ina leith. Go dtí sin, údaraítear do na Ballstáit eisiaimh a bhí i bhfeidhm faoi dhlíthe náisiúnta an 1 Eanáir 1979 a choinneáil ar bun. Mar sin tá roinnt forálacha 'neamhghníomhaíochta' a chuireann srian leis an gceart chun asbhaint a dhéanamh i ndáil le carranna paisinéirí.

D'ainneoin tionscnaimh roimhe seo chun rialacha a bhunú maidir leis na catagóirí caiteachais a d'fhéadfadh a bheith faoi réir srian ar an gceart chun asbhaint a dhéanamh[6], is iomchuí scéim speisialta den sórt sin le linn a bheith ag fanacht ar chomhchuibhiú na rialacha sin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise fhoráil na Treorach maidir le CBL ar a bhfuil sé bunaithe, urramaítear prionsabal na coimhdeachta ar leibhéal na Treorach maidir le CBL.

---

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2907 ón gComhairle an 21 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 lena n-údaraítear don Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú (IO L, 2023/2907, 27.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2907/oj).

6 Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 77/388/CEE d'fhonn oibleagáidí cánach breisluacha a shimpliú (COM (2004) 728, IO C 24, 29.1.2005, lch. 10), a tarraingíodh siar an 21 Bealtaine 2014 (IO C 153, 21.5.2014, lch. 3).

- **Comhréireacht**

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú don Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann ar iarraidh uaithi féin agus níl aon oibleagáid ann.

I bhfianaise raon feidhme teoranta na scéime speisialta, tá sé comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. oibleagáidí CBL agus bailiú CBL a shimpliú in earnáil ar leith. Tá an scéim roghnach i gcónaí do dhaoine inchánach.

- **An rogha ionstraime**

Is í an ionstraim atá beartaithe Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 395(1) den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar na rialacha coiteanna CBL a dhéanamh ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus ní bhaineann sé ach le Tuaisceart Éireann amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Is é is aidhm don Chinneadh atá beartaithe ligean don Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, leanúint de chóras ina ndéantar simpliú ar bhailiú CBL agus ar oibleagáidí CBL maidir le caiteachas breosla ar charranna cuideachta a úsáidtear cuid den am chun críoch nach críocha gnó iad agus dá bhrí sin d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige.

Maidir le daoine inchánach, a roghnódh an córas seo, laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin agus na costais chomhlíonta trí dheireadh a chur leis an ngá le taifid mhionsonraithe míleáiste a choinneáil ar gach carr cuideachta chun críocha CBL. Is dócha go mbeidh na ceanglais sin maidir le taifid a choinneáil am-ídítheach agus is minic a mbíonn ualaí suntasacha riaracháin ag baint leo le haghaidh méideanna measartha beag cánach. Laghdaíonn modh an tsimplithe freisin na hualaí atá ar na húdaráis chánach, lena gceanglófaí orthu iniúchadh a dhéanamh ar roinnt mhaith cásanna aonair murach sin.

Ina theannta sin, mar gheall ar raon feidhme cúng an mhaolaithe agus ar an teorainn ama ar a chur i bhfeidhm, beidh an tionchar teoranta in aon chás.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon drochthionchar i gceist leis an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraítear ó CBL.

Sa chomhthéacs sin, meabhraítear, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 8 de Chreat Windsor, nach gcuirfear ioncam a thagann as idirbhearta inchánach i dTuaisceart Éireann ar aghaidh chuig an Aontas.

5. EILIMINTÍ EILE

Tá clásal éagtha sa togra: teorainn ama uathoibríoch atá socraithe don 31 Nollaig 2029.

2026/0291 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 a mhéid a bhaineann le síniú a chur leis an údarú don Ríocht Aontaithe beart speisialta a chur i bhfeidhm i ndáil le Tuaisceart Éireann de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle, [2]údaraítear don Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, beart speisialta a chur i bhfeidhm, go dtí an 31 Nollaig 2026, de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE chun cion den cháin bhreisluacha (CBL) a bhaineann le caiteachas ar bhreosla a úsáidtear chun críocha príobháideacha i gcarranna gnó a shocrú ar bhonn ráta comhréidh (‘an beart speisialta’).

(2) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 25 Márta 2026, d’iarr an Ríocht Aontaithe údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm, i ndáil le Tuaisceart Éireann, tar éis an 31 Nollaig 2026.

(3) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, le litreacha dar dáta an 24 Iúil 2026, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a chuir an Ríocht Aontaithe isteach chuig na Ballstáit. Le litir dar dáta an 29 Iúil 2026, thug an Coimisiún fógra don Ríocht Aontaithe go raibh an fhaisnéis uile ba ghá aige chun an iarraidh a bhreithniú.

(4) De réir na faisnéise a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil ina hiarraidh, leis an mbeart speisialta agus, i gcás daoine inchánach, leis an mbeart roghnach, soláthraíodh nós imeachta simplithe éifeachtúil chun CBL a bhailiú i ndáil le caiteachas ar bhreosla le haghaidh carranna gnó a úsáidtear cuid den am chun críoch príobháideach, do dhaoine inchánach agus don údarás cánach. Dar leis an Ríocht Aontaithe, níor tháinig aon athrú ar an bhfíorstaid a thug údar maith leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur le cur chun feidhme an bhirt speisialta. Ba cheart teorainn ama a chur leis an síneadh sin ionas go bhféadfaidh an Ríocht

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena n-údaraítear don Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 103, 24.3.2021, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/512/oj).

Aontaithe faireachán cuí a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an cion de CBL, arna shocrú ar bhonn ráta comhréidh, fós ag teacht leis an gcaiteachas ar bhreosla ar charranna gnó a úsáidtear chun críoch príobháideach. Ba cheart, dá bhrí sin, go rachadh údarú an bhirt speisialta in éag an 31 Nollaig 2029.

(6) I gcás ina n-iarrann an Ríocht Aontaithe síneadh breise a chur leis an mbeart speisialta tar éis an 31 Nollaig 2029, ba cheart di iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus tuarascáil ag gabháil leis, faoin 31 Márta 2029.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 8, an dara mír, den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (dá ngairtear Creat Windsor anois[3]) a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[4], níl ioncaim a eascraíonn as idirbhearta atá inchánach i dTuaisceart Éireann le híoc leis an Aontas. Dá bhrí sin, ní bheidh aon drochthionchar ag an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraítear ó CBL.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512:

‘Airteagal 1

De mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE, údaraítear don Ríocht Aontaithe,go dtí an 31 Nollaig 2029, an cion CBL a bhaineann le caiteachas ar bhreosla a úsáidtear chun críoch príobháideach i gcarranna gnó a shocrú i ndáil le Tuaisceart Éireann ar bhonn ráta comhréidh.

Déanfar aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an mbeart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2029 agus beidh tuarascáil ag gabháil léi ina léirítear éifeachtacht an bhirt speisialta agus baint amach a cuspóirí. Áireofar sa tuarascáil measúnú ar an gcion de CBL maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé fós ag teacht leis an gcaiteachas ar bhreosla ar charranna gnó a úsáidtear chun críoch príobháideach.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a thabharfar fógra faoi.

[3] IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.
[4] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, i ndáil le Tuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán